An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán Uimhir: 0064/2021**

**Chuig: Príomhfheidhmeannach gach Bord Oideachais agus Oiliúna**

# Athruithe ar na Rátaí Cothaithe Baile a bheidh i bhfeidhm ón 1ú Nollaig 2021, Iníoctha le Foireann i mBoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) agus le baill BOO agus Choistí Reachtúla BOO

## RÉAMHRÁ

Tar éis athbhreithniú a rinne an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar rátaí caighdeánacha liúntais chothaithe, ordaíonn an tAire Oideachais dom tú a chur ar an eolas faoi athruithe ar rátaí na liúntas cothaithe atá iníoctha le:

(1) Foireann i mBoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) agus
(2) Baill BOO agus Choistí Reachtúla BOO.

Meabhraítear do BOO go bhfuil caiteachas taistil agus cothaithe faoi réir teorainneacha ceadaithe. Is faoi gach BOO a chinntiú go gclaoítear lena theorainneacha buiséadacha agus ba cheart don Phríomhfheidhmeannach a chinntiú nach ndéantar ach taisteal riachtanach agus go gcoinnítear líon na n-oifigeach/na mball ar aon turas oifigiúil chomh híseal agus is féidir.

Ba cheart do BOO a chinntiú go n-aimsítear gach coigilteas féideartha maidir le caiteachas i leith taistil sa bhaile agus thar lear araon.

Ba chóir taisteal ar iompar poiblí nuair is féidir. Nuair is féidir taisteal ar iarnród nó ar bhus, is é an liúntas a bheidh le híoc ná costais iarbhír an taistil. Nuair is gá feithicil phríobháideach oifigigh/baill a úsáid, féadfar liúntais mhíleáiste a íoc de réir na rátaí a chuirtear in iúl sa chiorclán seo.

## Rátaí Caighdeánacha Cothaithe Intíre

Sonraítear na rátaí caighdeánacha athbhreithnithe ar liúntas cothaithe in Éirinn sa sceideal ag Aguisín 1.

De réir na nósanna imeachta comhaontaithe agus de réir athruithe ar an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí (CPI), ní mhéadófar an ráta caighdeánach thar oíche.

**Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659**
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 X659
T +353 090 648 4232 | financialetb@education.gov.ie
www.education.ie

## Ráta Cóiríochta Dearbhaithe (“VA”) do Bhaile Átha Cliath

Bíonn ráta Cóiríochta Dearbhaithe (VA) i bhfeidhm i gcónaí nuair a bhíonn deacrachtaí ag oifigigh/baill cóiríocht oiriúnach a fháil i mBaile Átha Cliath laistigh den ráta caighdeánach.

I gcásanna den sórt sin, fanfaidh Ráta Cóiríochta Dearbhaithe mar chostais dheimhnithe na cóiríochta suas go teorainn an ghnáthráta thar oíche (€147.00) móide € 39.08.

De réir an bheartais atá ann cheana, i gcás ina bhfaigheann oifigeach/ball cóiríocht a sháraíonn costas an ghnáthráta thar oíche nó an ráta cóiríochta deimhnithe mar is cuí, beidh siad freagrach go hiomlán as an gcostas cóiríochta breise a íoc. Tarraingítear aird na n-oifigeach/na mball ar Alt 3 de Chiorclán 11/1982: Na Rialacháin Taistil agus Cothaithe a deir nach bhfuil sé i gceist go n-íocfadh an ‘liúntas cothaithe is iníoctha costas iomlán an chothaithe’.

Leanfaidh an ráta caighdeánach Thar oíche de bheith i bhfeidhm i gcás ina bhfaigheann oifigigh/baill cóiríocht agus béilí i mBaile Átha Cliath laistigh den ráta. I gcás nach féidir le hoifigigh/baill cóiríocht a fháil laistigh den ráta seo, féadfaidh siad an ráta VA a éileamh. Má úsáidtear an ráta VA caithfear costais chóiríochta a dhearbhú.

## DÁTA FEIDHMIÚCHÁIN DO NA SOCRUITHE ATHBHREITHNITHE

Is é an 1 Nollaig 2021 an dáta a gcuirfear rátaí athbhreithnithe an liúntais chothaithe i bhfeidhm do bhaill BOO, do bhaill choistí reachtúla BOO agus do gach ball foirne atá fostaithe ag BOO, iad siúd atá ar chead neamhláithreachta san áireamh.

## EOLAS GINEARÁLTA

Tá íocaíocht rátaí atá údaraithe sa Chiorclán seo faoi réir Chiorcláin 11/82 agus aon treorach eile a bheidh i bhfeidhm ó am go ham, lena n-áirítear na riachtanais achair a leagtar amach i gCiorclán DPER 05/2015: Liúntais Chothaithe.

Maidir le baill BOO agus choistí reachtúla BOO, beidh na socruithe atá ann cheana do bhoird bhainistíochta scoile agus do Choistí Iniúchta agus Airgeadais i bhfeidhm i gcónaí, mar a leanas:

- Tá teorainn uasta le cur ar chostais taistil do bhaill bhoird bhainistíochta scoile ag 20 ciliméadar in aghaidh an turais aonair i gcarr príobháideach. Sa

chás go ndéantar taisteal ar bhus nó ar thraein, ní bheidh ach costais dhearbhaithe iníoctha.

- Ní bheidh liúntais chothaithe iníoctha le baill na mbord bainistíochta as freastal ar chruinnithe boird bainistíochta. Mar sin féin, féadfaidh scoileanna tae/caife agus sólaistí beaga a chur ar fáil ó mhionairgead má údaraíonn an Bord é.

- Níl baill sheachtracha de Choiste Iniúchta nó Airgeadais atá ag fáil táille as freastal ar an gCoiste Iniúchta nó Airgeadais i dteideal costais taistil agus cothaithe a éileamh.

Cinntigh le do thoil go ndírítear aird gach ball BOO, gach baill de na coistí reachtúla BOO agus gach ball foirne atá fostaithe ag BOO, lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta, ar an gciorclán seo.

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi www.gov.ie/education

## CEISTEANNA

Ba cheart ceisteanna maidir le hiarratais aonair a chur chuig an mBOO ábhartha ar an gcéad dul síos.

Ba chóir ceisteanna ginearálta maidir leis an gciorclán seo a sheoladh trí r-phost chuig an Roinn ag financialetb@education.gov.ie.

_________________

Teresa McNeill
Príomhoifigeach
Rannóg Pearsanra Airgeadais agus Riaracháin an BOO
Nollaig 2021

## Aguisín 1

### Rátaí Caighdeánacha Cothaithe Intíre
### Éifeachtach ó 1 ú Nollaig 2021

| Rátaí Thar Oíche | | |
|---|---|---|
| Gnáthráta | Ráta Laghdaithe | Ráta Coinneála |
| €147.00 | €132.30 | €73.50 |

| Rátaí Lae | |
|---|---|
| 10 n-uaire an chloig nó níos mó | 5 uaire an chloig ach níos lú ná 10 n-uaire an chloig |
| €39.08 | €16.29 |

### Cóiríocht Dheimhnithe ("VA") Rátaí Cothaithe Baile (le húsáid i mBaile Átha Cliath amháin)
### Éifeachtach ó 1 ú Nollaig 2021

| Ráta Cóiríochta Dearbhaithe ("VA") | Cóiríocht | | Béilí |
|---|---|---|---|
| Ráta VA | Costas deimhnithe cóiríochta suas go €147.00 | Móide | €39.08 |

.....